Eveline

SUIGH SÍ AGAN FHUINNEOIG ag amhairc ar ionradh an chontrátha arsan aibhinne. Baí a ceann ag baint taca as cuirtín na fuinneoige agus baí boladh an *cretonne* deannachúil i bpoill a sróine. Baí tuirse uirthi.

Is beag duine a chuaigh tharsan dteach. Fear an theach deiridh, chuaigh thairsti ara bhealach abhaile; chuala sí a choiscéimeanna ag trup-trap arsan chosán suiminte agus ansin ag cnagarnach arsan chosán gairbhéil os comhair na dtithe nua rua. Baí páirc ansin tráth ina mbídís ag súgradh la páistí daoine eile gach tráthnóna. Ansin ceannaigh fear as Béal Feirste an bpáirc agus tóg tithe uirthi – murab ionann agus a dtithe beaga donna féin, ba thithe la brící geala agus la cinn snasta iad. Dhéanaidís páistí an aibhinne spraoi la chéile issa pháirc siúd – na *Devines*, na *Waters*, na *Dunns*, *Keogh* beag an bhacaigh, ise agus a deartháireacha agus a deirfiúracha. Ní bhíodh *Ernest* ag súgradh riamh áfach: baí sé rómhór. Chuireadh a athair an ruaig abhaile orthu assan pháirc lana bhata draighin; acht de ghnáth dhéanadh Keogh beag faire agus fógraíodh nuair d'fheiceadh sé a hathair ag tuidheacht. Mar sin féin, ba chosúil go rabhadar sona go leor agan am. Ní rabh a hathair chomh dona ansin; thairis sin, baí a máthair beo. Ba i bhfad ó shin é sin ar fad; baí sise agus a deartháireacha agus deirfiúracha fásta suas anois; baí a máthair marbh. Baí Tizzie Dunn marbh freisin, agus d'fhilleadar na Waters ar Shacsana. Athraíonn gach aon rud. Anois d'imeodh sise fo mar do rinneadar an chuid eile; baí sí ar tí fhágáil a baile.

Baile! Amhairc sí uaithi arsan seomra mórthimpeall uirthi agus breathnaigh arsna rudaibh aithnidiúlaibh go léir ann ar ghlan sí an deannach dhíobh uair issa tseachtain tharsna blianta. Ní fheadair cad asa tháinig an deannach ar fad. B'fhéidir nach bhfeicfeadh sí na rudaí aithnidiúla seo go deo arís. Ba rudaí iad nár shamhlaigh sí riamh go scarfaí uathu í. Agus ina dhiaidh sin féin, in ainneoin na mblianta sin ar fad, baí sí chomh haineolach isa bhaí riamh ar ainm an tsagairt a rabh a ghrianghraf buí-chaite crochta arsan bhalla, os cionn an orgán béil briste a baí la hais na cóipe dena gealltanasaibh a tugadh do *Margaret Mary Alacoque* Beannaithe.[i] Ba chara scoile lana hathair an sagart seo. Gach uair a thaispeáin sé an ngrianghraf do chuairteoir, deireadh sé an rud gcéanna nuair a shíneadh chuige nó chuici é:

> 'Tá sé in *Melbourne* anois.'

Baí sí tar éis thoiliú imeachta, fhágáil a baile. Ar chríonna sin? Dein sí iarracht mheá an dá thaobh den cheist. Ara laghad ar bith, baí foscadh agus bia la fáil aici issa bhaile; baí sí i measc daoine ann a rabh aithne aici orthu ar fad a saoil. Ar ndóigh b'éigean di obair go dian, issa bhaile agus issa ghnó. Céard a déarfaidís fúithi issan Ionad Siopadóireachta nuair a gheobhaidís amach gur éalaigh sí la fear. Déarfaidís gurbh óinseach í, b'fhéidir; agus líonfaí a háit tre fhógra. Bheadh *Miss Gavin* sásta. Bhíodh sí chun tosaigh uirthi i gcónaí, go háirithe nuair a bhídís daoine ann a chloisidís í.

> '*Miss Hill*, nach bhfeicir go bhfuilid na mná seo ag fanacht?'
>
> Déan deifir, Miss Hill, lado thoil.'

Ní shilfeadh sí mórán deor fona himeacht ón Ionad Siopadóireachta. Ina baile nua áfach, i dtír anaithnid i bhfad i gcéin, ní mar sin a bheadh an scéal. Bheadh sí pósta ansin – ise, Eveline. Chaithfidís daoine go measúil uirthi ansin. Ní chaithfí léi mar a caitheadh lana máthair. Fiú amháin anois, in ainneoin go rabh sí os cionn naoi mbliana déag d'aois, baí sé á thuar di go rabh sí i mbaol foréigean a hathar ar uairibh. Baí a fhios aici gurbh é sin ba chionsiocair lasan bpreabadh croí a thagadh uirthi. Nuair a bhádar ag fás aníos níor thug sé fúithi riamh, faoi mar a thugadh fo Harry agus fo Ernest, de bhrí gur chailín í, acht arsna mallaibh thosaigh sé ag bagairt uirthi céard a dhéanfadh sé uirthi murach cuimhne a máthar a bhaí marbh. Agus anois ní rabh aon duine aici chun

a cosanta. Baí Ernest básaithe agus maidir la Harry, a bhaí gnó aige la maisiú séipéal, baí sé amuigh fon tír beagnach i gcónaí. Ar aon nós, baí sí ag éirí tinn tuirseach cortha den achrann sheasmhach fo airgead gach oíche Dé Sathairn. Thugadh sí a tuarastal ar fad i gcónaí – seacht scilling – agus sheoladh Harry a mhéad agus a thagadh leis chuici, acht ba í an fhadhb, fáil airgid óna hathair. Deireadh sé go rabh sí ag diomailt an airgid, nach rabh ciall aici, nach dtabharfadh seisean dise an n-airgead a shaothraigh sé la dua chun a chaite thart arsna sráideannaibh léise, agus deireadh sé go leor eile lana hais, mar bhíodh sé sách dona issan oíche arsan tSatharn go hiondúil. Thugadh sé an n-airgead di issa deireadh agus cheistíodh dhi an rabh rún dá laghad aici ceannach dhinnéar an Domhnaigh. Ansin b’éigean di dul amach dho cheannach earraí dá post chomh géar gasta agus a thagadh léi, greim daingean aici ara mála ina láimh aici agus í ag brú trisna sluaite. D'fhilleadh sí go deireanach issan oíche fo uallach a stórtha. Ba é a sáith é coinneáil eagair arsan tigh agus cinntiú go dtéidís an bheirt páistí beaga a fágadh fona cúraim, go dtéidís gossan scoil go rialta agus go bhfaighidís a mbéilí go rialta. Ba obair chrua í, ba shaol crua é, acht anois ó bhaí sí ar tí scartha leis, níor dhona léi ar fad é mar shaol.

Baí sí ar tí bhlaiseadh saoil eile la *Frank*. Baí Frank thar a bheith cineálta, fearúil agus mórchroíoch. Baí sí la himeacht leis ar bhád na hoíche mar bhean chéile aige chun chaitheamh a saoil in éindí leis in *Buenos Aires*, áit a rabh baile fo réir aige dhi. Bhí chuimhne mhaith aici arsan chéad-uair a chonaic sí é; baí sé ar lóistín i tigh a dtugadh sí cuairt air arsan phríomhbhóthair. Shílfeá gur tharla sin cúpla seachtain ó shin. Baí seisean ina sheasamh agan gheata, a chaipín speiceach tarraingthe siar ara cheann aige agus a chuid gruaige ag titim in aimhréidh ar aghaidh a rabh dath na gréine uirthi. Ansin chuadar in aitheantas ara chéile. Bhuaileadh sé léi lasmuigh den Ionad Siopadóireachta gach tráthnóna agus thionlacadh abhaile í. Thug sé leis í dho fhéachaint *The Bohemian Girl*[ii] agus baí ríméad uirthi nuair a shuí sí in aice leis in áit issan amharclann nach rabh sí riamh inti roimhe sin. Baí dúil mhillteanach issa cheol aige agus ghabhadh sé fonn scaití. Baí a fhios ag daoinibh go rabhadar ag siúil amach lana chéile agus nuair a chanadh sé fon ainnir atá i ngrá la mairnéalach, ní thuigeadh sí é acht bhíodh gliondar uirthi. Chuir sé an leasainm *Poppins* uirthi as spraoi. Ar dtús ba ábhar sceitimíní dhi go rabh stócach aici agus ansin mhéadaigh a cion air. Baí scéalta aige fo thíorthaibh i bhfad i gcéin. Thosaigh sé amach mar mhairnéalach boird ag saothrú puint in aghaidh na míosa ar long den Chomhlacht *Allan* arsan turas go Ceanada. Ríomh sé ainmneacha na long ara rabh sé agus ainmneacha na seirbhísí n-éagsúla. Bhaí Caolas *Magellan* seolta aige agus d’eachtraigh sé scéalta dhi fonaibh Patagónachaibh fíochmhairibh. Baí a chóta bán déanta ón ló a tháinig sé go Buenas Aires, a dúirt sé, agus do tháinig sé anall gona thír dúchais ar mhaithe la caitheamh a laethanta saoire ann. Ar ndóigh, fuair a hathair amach fon chaidreamh agus chuir cosc uirthi labhairt leis níos mó.

‘Tá aithne agam ar dhream na mairnéalach,’ a dúirt sé.

Chuir sé aighneas ar Frank lá amháin agus b'éigean di bualadh lana grá geal fo cheilt as sin amach.

D’éirigh an oíche níos dorcha issan aibhinne. Is ar éigean a d’fheicfeá an dá litir bán ina hucht. Baí ceann amháin díobh do Harry agus baí an ceann eile dá hathair. Ba é Ernest a bhaí ina cheanán aici riamh acht baí bá aici la Harry chomh maith. Baí sé tugtha fo deara aici go rabh a hathair ag dul in aois la deireanas; d’aireodh sí uaidh. D’fhéadfadh sé beith an-deas ar uairibh. Go gairid roimhe sin, nuair ab éigean dise tabhairt fon leaba ar feadh lae, léigh sé scéal taibhse dhi agus réitigh *toast* di os comhair na tine. Lá eile, nuair a bhaí a máthair fós beo, chuadar go barr Bhinn Éadair la haghaidh *picnic*. Cuimhnigh sí ara hathair ag cur chaidhp a máthar air féin la baint gáire asna páistibh.

Bheadh an t-am istigh mura mbogadh sí, acht fan sí ansin ina suí agan fhuinneoig, ag ligean a cinn anuas arsan chuirtín agus ag baint lán a sróine de bholadh an chreiteoin dheannachúil. Chuala sí orgán sráide á sheinm i bhfad síos an aibhinne; aithin sí an bhfonn. Nárbh aisteach gur seinneadh an oíche sin é do chur i gcuimhne dhi an ngealltanas a thug sí dá máthair: an gealltanais go dtabharfadh

sí aire don tigh a fhad is a thiocfadh léi. Ba chuimhin léi an oíche deiridh de liostachas a máthar; baí sí ar ais arís issa tseomra phlúchta dhorcha agan taobh eile den halla agus baí fonn maoithneach na hIodáile la cloisteáil lasmuigh. Do tugadh sé phingin don tseinnteoir ceoil agus d'ordaíodh dhó imeacht leis. Ba chuimhin léi a hathair ag siúl de sciotán ar ais isteach issa seomra ag rá:

'Marbhfháisc arsna hIodálachaibh sin! Ag tuidheacht anall anseo!'

Fad is a bhaí sí ara marana, íomhá truamhéalach shaol a máthar, cuir sé fo gheasa í idir corp agus anam – an saol sin d'íobartaibh laethúlaibh a dhruid timpeall ara máthair gur imigh sí asa meabhair issa deireadh. Gabh creathán tríthi nuair a chuala sí guth a máthair arís agus í ag síor-rá go baoth-dáigh:

'Derevaun Seraun! Derevaun Seraun!'[iii]

Léim sí ina seasamh lasan scanradh a bhuail í. Éalú! Chaithfeadh sí éalú! Ghlacfadh Frank léi. Thabharfadh sé saol di, agus, b'fhéidir, grá chomh maith. Pé ar bith, ba mhian léi beith sona. Cad chuige an mbeadh sé de dhualgas uirthi beith míshona? Baí ceart aici ar shonas. Bhéarfadh Frank ina lámha í agus d'fháiscfeadh dá ucht. D'fhóirfeadh sé uirthi.

Seas sí i measc an phlód ghiodamaigh issa stáisiún agan Phort Thuaidh. Rug sé i ngreim láimhe uirthi agus baí a fhios aici go rabh sé ag caint léi, ag rá rud éigean fon phaisinéireacht arís agus arís eile. Baí an stáisiún dubh la saighdiúirí la málaí donna. Fuair sí spléachadh ar chruth mhór dhubh na loinge tre dhoirsí leathana na stórtha. Baí sí druidte i gcoinne na céibhe agus baí solas ag tuidheacht asna sliosfhuinneogaibh. Níor thug sí freagra dá laghad. Mothaigh sí mílítheacht agus fuacht a leicinn. Impigh sí treoir ó Dhia. Impigh air léiriú a dualgais di. Lig an long fead fhada ochlánach issa cheo. Amárach bheadh sí arsan fharraige la Frank, ag seoladh i dtreo Buenos Aires. Do bhaí a bpaisinéireacht ceannaithe. An bhféadfadh sí dul ar gcúl i ndiaidh gach a rinne sé ara son? Chuir an anbhroid masmas uirthi agus corraigh a béal gan stad ná staonadh la paidir dúthrachtach os íseal. Airigh torainn an chloig ag bualadh ina cliabh. Mothaigh sí a lámh siúd ag breith greama ara lámh-sa:

'Gabh i leith!'

Oibríodar farraigí uile an domhain thart fona croí. Baí seisean dá tarraingt isteach iontu: bháfadh sé í. Tug sí amas fon ráille iarainn lana dhá lámh.

'Gabh i leath!'

Arú! Arú! Arú! Ba é a sárú é. Baí greim an duine bháite aici arsan chlaí iarainn. Ó lár na bhfarraigí móra, lig sí scread chráite aisti!

'Eveline! Evy!'

Tug sé sciurd thar chlaí na dticéad agus glaoigh uirthi a leanúint. Béiceadh air dul ar aghaidh assan bhealach acht coinnigh ag glaoch uirthi. Tug sí a haghaidh mhílítheach air. Baí dreach marbhánta uirthi mar a bheth ar bheithíoch i sáinn. Ní rabh lorg grá ná beannachta ná aitheantais dá laghad ina súilibh.

i ***Alacoque***: Naomh *Margueirite-Marie Alacoque* (1647-90). Bean rialta ab í. Foilsíodh Croí Ró-Naofa Íosa Críost di in aisling. Is ábhar mór cráifeachta i dteaghlachaibh Éireannachaibh é an Croí Ró-Naofa seo.

ii ***The Bohemian Girl:*** Ceoldráma éadrom lasan gcumadóir n-Éireannach, *Michael Balfe* (1808-70). Bean uasal a bhfuadaíos an luch siúl í is príomhphearsa ann.

iii ***'Derevaun Seraun!:*** Tá roinnt tuairimí i measc léitheoirí fo bhrí an fhocail seo. Áitíd daoine áirithe gur Gaeilig thruaillithe é agus tugaid a léamh féin air as Anglais. Is é an dá léamh is coitianta, '*the end of pleasure is pain*' nó '*the end of a song is raving madness*'. Ó tharla nach ndéanann ceann ar bith dena tuairimibh seo ciall don aistritheoir seo (deireadh *fun* ...? / deireadh foinn sa/ is ea *ruin*?), is é a thuairim féin gur brilléis é an focal, tuairim atá sách coitianta.